Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2001

# Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú - Ardleibhéal - Líníocht

**Dé Céadaoin, 9 Bealtaine, Maidin 9.30 - 12.30**
**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.**

## Treoracha d'Iarrthóirí

**Meáin**

Is ceadmhach dath a úsáid más mian leat agus meáin oiriúnacha ar bith:-
m.sh. Pinn luaidhe, Pastail, Criáin, Pinn agus Dúigh, Péinteanna, Marcéirí agus rl. nó cnuasach ar bith acu sin.

Ní mor do na bileoga líníochta gan dul thar tomhais A2.

Déan deimhin de go dtaispeántar d'uimhir scrúdaithe sa spás atá ann chuige.

Beidh sos de 30 nóiméad idir deireadh na chéad coda den scrúdú agus tús an dara coda den scrúdú.

Ceadaítear uair go leith don líníocht um dheilbheacha daonna, na tréimhsí sosa uile le haghaidh an chuspa san áireamh.

Le linn an scrúdaithe, tabharfaidh an Feitheoir thar n-ais duit an clúdach ina bhfuil d'obair maidir leis an tionscadal 2D. Nuair a bheidh an scrúdú thart cuir don líníochtaí i gclúdach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ina bhfuil, cheana féin, d'obair thionscadail agus ansin dún an clúdach.

Tá ort staidear a dhéanamh ar aicme: A. Deilbheacha Nádúrtha **NÓ** B. Deilbheacha Saorga **AGUS** C. Deilbheacha Daonna.

Roghnaigh **ceann amháin** de na haicmí ar leanas, A nó B.

**A.** **DEILBHEACHA NÁDÚRTHA.** 9.30 - 10.30 an t-am a cheadaítear.
Ó cheann ar bith de na deilbheacha seo a leanas, nó as cinn atá cosúil leo, déan líníocht den deilbh iomlán **AGUS** déan líníocht de chuid den deilbh ina bhfuil spéis ar leith agat inti.

Torthaí, Bláthanna, Plandaí agus Cochaill Shíl.
Adhmad Farraige, Craobhóga, Craobha Beaga, Clocha agus Sliogáin.
Cleití, Iontaisí, Dearcáin agus Cnónna.
Glasraí.

**NÓ**

**B.** **DEILBHEACHA SAORGA.** 9.30 - 10.30 an t-am a cheadaítear.
Ó cheann ar bith de na deilbheacha seo a leanas, nó as cinn atá cosúil leo, déan líníocht den deilbh iomlán **AGUS** déan líníocht de chuid den deilbh ina bhfuil spéis ar leith agat inti.

Uirlisí Cócaireachta, Páirteanna de Mheaisíní, Gléasra Leictreach.
Ábhair Órnáideacha, Bréagáin, Fearas Oifige.
Mála Scoile, Mála Droma, Fearas Campála.
Uirlisí agus Coisbheart.
Fearas Spóirt.

Sos ó 10.30 - 11.00.
Aththosú an scrúdaithe ar 11.00.

**C.** **DEILBHEACHA DAONNA.** 11.00 - 12.30 an t-am a cheadaítear.
Tá an cuspa suite leataobhach ar chathaoir agus cúl na cathaoireach dírithe ar thaobh dheas an chuspa, cúl na cathaoireach mar thaca ag an uillinn dheas, an lámh dheas mar thaca ag taobh na láimhe deise den smig, an dorn deas dúnta. An uillinn chle lúbtha, an lámh chlé ar an gcos chlé. An chlos chlé sínte amach chun tosaigh, an chos dheas lúbtha chun cúil.

Déan líníocht den deilbh iomlán

**NÓ**

Déan líníocht den cheann agus na guaillí.